



Mí Feabhra 2026

Cúrsaí Scoile

Agus an tEarrach ag druidim linn, cuirimid fáilte chroíúil roimh laetha níos faide agus foghlaim taobh amuigh níos minice ar scoil. Cé go mbíonn laethanta deasa againn anois is arís, tá an aimsir fós fluich agus fuar, agus déanaimid ár seacht ndícheall dul amach gach lá chun aer úr a fháil. Dá bhrí sin, tá sé fíorthábhachtach go mbíonn na héadaí cuí ag do pháiste, cótaí báistí agus hataí san áireamh, mar beidh siad fós ag teastáil ar scoil ar feadh tréimhse mhaith eile. Téimid amach sa chlós fiú nuair atá sé ag cur báistí, mar sin is gá do do pháiste a bheith ullamh dó sin.

Tá roinnt nascanna deasa ceangailte againn thíos chun cabhrú le forbairt foclóra sa bhaile faoin aimsir agus faoin Earrach. Is fiú féachaint agus éisteacht leo agus an teanga a úsáid leis na páistí sa bhaile.

- ▶ Bláthanna an Earraigh 🌻 Déan Comhrá
- ▶ An tEarrach 🔥 Bríd agus Imbolc 🧡 Déan Comhrá
- ▶ An Aimsir 🌧️ ⚡ ☀️ Déan Comhrá

As Spring approaches, we look forward to longer evenings and more opportunities for outdoor learning at school. While we are beginning to enjoy some brighter days, the weather can still be quite changeable, with both wet and cold conditions. We make every effort to go outside each day to enjoy some fresh air, so it is very important that your child has suitable clothing. Raincoats and hats are still needed at school for a good while yet. We go out into the yard even when it is raining, so please ensure your child is well prepared for this.

Above we have included some lovely links to support vocabulary development at home around the weather and Spring. It is well worth watching and listening to them and using the language with your child at home.

Fáilte roimh Leah

Ba mhaith linn fáilte mhór a chur roimh Leah go foireann Ghaelscoil na Mara mar Chúntóir Riachtanas Breise (CRB). Tugann Leah saibhreas taithí léi chomh maith le tuairimí úr don scoil, agus táimid an-sásta go bhfuil sí linn.

Cruthaíodh post Leah tar éis don scoil athbhreithniú CRB uile-scoile a iarraidh tríd an NCSE, ag súil le tacaíocht CRB bhreise a fháil. Rinneamar iarratas ar thiúr CRB breise,

mar is é sin an leibhéal riachtanais atá sa scoil faoi láthair, dár linn. Bhronn an NCSE dóthain uaireanta chun CRB amháin breise ar lá naíonán a chlúdú. Tá ár míshástacht leis an gcinneadh seo curtha in iúl againn leis an NCSE agus tá athbhreithniú iarrtha againn arís i mí Mheán Fómhair 2026.

Idir an dá linn, cuirimid fáilte chroíúil roimh Leah agus tá súil againn go mbeidh sí an-shásta anseo i nGaelscoil na Mara.

We would like to extend a very warm welcome to Leah, who has joined the team at Gaelscoil na Mara as an Additional Needs Assistant (ANA). Leah brings a wealth of experience and a fresh perspective to the school, and we are delighted that she has come on board.

Leah's position was created following a whole-school ANA review requested by the school through the NCSE, in the hope of securing additional ANA support for the school. We applied for three additional ANAs, as we feel this reflects the current level of need within the school. After the review, the NCSE awarded enough hours to cover one additional ANA on an infant day, in spite of our extensive application. We have expressed our disappointment with this decision and have requested that it be reassessed in September.

In the meantime, we are delighted to have Leah with us and hope that she will be very happy here in Gaelscoil na Mara.

Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí

Bhí dhá lá an-fhiúntach againn sa scoil an tseachtain seo caite ag bualadh le tuismitheoirí dos na cruinnithe bliainiúil tuismitheoirí/múinteoirí. Gabhaimid buíochas libh ar fad as ucht an t-am a thógáil chun teacht ar chuairt chugainn. Cabhraíonn an t-aiseolas ar fad a fhaighimid uaibh in ár gcuid ullmhúcháin agus pleanáil don rang.

Ba mhaith liomsa mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann scoile uilig as ucht na uaireanta breise i bpleanáil, eagrú agus bogadh troscáin chun na cruinnithe a eascú. Tá an t-ádh lenár bpáistí, go bhfuil múinteoirí agus cúntóirí comh lách agus cineálta acu ina saol scoile.

We had two very worthwhile days at the school this week meeting with parents for the annual parent/teacher meetings. We thank you all for taking the time to come and visit us. All the feedback we get from you helps in our preparation and planning for the class.

I would like to express my gratitude to all the school staff for the extra hours in planning, organising and moving furniture to facilitate the meetings. Our children are lucky to have such kind and caring teachers and assistants in their school life.

Sábhailteacht Idirlíne

Ba mhaith linn aird na dtuismitheoirí a tharraingt ar na nascanna thíos ó Webwise, a bhaineann le Lá na Sábhailteachta Idirlín 2026 athiteann ar Mháirt 10ú Feabhra 2026. Creidimid go láidir go bhfuil sé an-tábhachtach plé oscailte a bheith agat le do pháiste sa bhaile faoi shábhailteacht ar an idirlíon. Mar shoचाई, tá dúshláin mhóra romhainn

anois de bharr úsáid leanúnach na meán sóisialta, rochtain shaor ag páistí óga ar YouTube, agus cluichí ar líne ar nós Roblox, a bhfuil rioscaí arda ag baint leo do pháistí gan mhaoirseacht.

We would like to draw parents' attention to the links below, provided by Webwise, which contain valuable information and guidance for Safer Internet Day 2026, which falls on Tuesday 10th Feb 2026. We feel it is extremely important to highlight the role of open and ongoing discussions at home with your child about staying safe online. As a society, we are facing increasing challenges due to the constant bombardment of social media, unrestricted access to platforms such as YouTube, and online games such as Roblox, which have been flagged as high risk for unsupervised children. These influences are having a very real impact on children's development.

Tá sé seo thar a bheith tábhachtach anois agus ár ndaonra scoile ag fás isteach in aois ina mbíonn spéis i bhfóin phóca agus in ardáin ar líne. Meabhraímid do thuismitheoirí Beartas Gan Fóin Chliste na scoile (nasc thíos) agus molaimid do gach teaghlach an deis seo a úsáid chun cinntí cuí a dhéanamh dá bpáiste.

This is particularly important as our school population grows into the age group where interest in mobile phones and online platforms increases. We would like to remind parents of our No Smartphone Policy (linked below) and encourage families to use this as an opportunity to make informed and appropriate decisions for their child.

Ba mhaith linn a chur in iúl freisin go bhfuil cuntas X (Twitter) na scoile dúnta, de bharr inní faoi chúrsaí slándála ar an ardán sin. Molaimid do theaghlach a bheith aireach ar na ceisteanna seo amach anseo. Is tosaíocht mhór don scoil í sábháilteacht íomhánna digiteacha na bpáistí. I gcónaí, iarrfar cead thuismitheoirí sula dtógfar grianghraif de pháistí ag eagraíochtaí seachtracha, agus leanfar rogha na dtuismitheoirí i ngach cás. Beidh ar gach eagraíocht a bhíonn ag obair leis an scoil na rialacha seo a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Le déanaí, le linn turais do Rang 1 agus Rang 2 chuig an leabharlann nua, níor tugadh aon eolas roimh ré don scoil faoi dheis grianghrafadóireachta le daoine mór le rá agus cuairteoirí eile. Ós rud é nár tugadh cead thuismitheoirí, b'éigean don scoil diúltú do na grianghraif seo. Cé gur ábhar díomách é, creidimid go bhfuil sé riachtanach seasamh soiléir a ghlacadh chun timpeallacht níos sábháilte a chruthú do pháistí, maidir lena n-íomhánna digiteacha.

We would also like to highlight the recent closure of the school's X (formerly Twitter) account, following security concerns raised around the platform. We encourage all families to be mindful of these issues going forward. Please be assured that the school is fully committed to safeguarding children's digital images. Any time a child is photographed by an outside organisation, parental permission will always be sought beforehand, and the wishes of parents will be respected in all cases. All organisations and companies working with the school are required to understand and adhere to these standards.

Recently, on a trip for Rang 1 and Rang 2 to the newly opened library, no prior information or requests were given to the school regarding a planned photo opportunity involving dignitaries and visitors. As parental consent had not been obtained, the school had to refuse class participation in the photo opportunity. While this was unfortunate, we believe it is essential to take a clear stand so that all

parties engaging with the school understand the importance of protecting children's digital safety and privacy.

Iarrimid ar gach teaghlach féachaint ar na nascanna thíos. Go luath, eagróidh Cairde na Scoile oíche eolais le hionadaí ó Webwise chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin ábhar seo agus chun cabhrú linn ar fad ár gcuid daltaí a choinneáil sábháilte ar an idirlíon.

We strongly encourage all families to review the links below. In due course, Cairde na Scoile will organise an information evening with a spokesperson from Webwise to further inform and support parents in keeping all our students safe online.

[Safer Internet Day -](#)

[Lá na Sábháilteachta Idirlín 2024 -](#)

chrome-extension://efaidnbmnnnibpcajpcgiclfindmkaj/https://storage.googleapis.com/iclasscrm_files/6615/Images/Content/2026/14/al40-Polasai_Deonach_Foin_dhigiteach_Voluntary_OptIn_Smart_Phone_Policy.pdf

[🍀🍀 Seachtain na Gaeilge 2026 🍀🍀](#)

Bíonn Seachtain na Gaeilge mar bhuaicphointe na scoilbhliana dúinn anseo i nGaelscoil na Mara. Tá na páistí tosaithe ag foghlaim na ríncí arís agus tá siad ag tnúth go mór len iad a thaispeáint daoibh.

Beidh an t-úafás rudaí deasa ar siúl i rith na coicise go mbainfidh chuile pháiste tairbhe as an ócáid!

03/03/26

- Na Crosóg Mhara, Smugairle Róin agus Deilfeanna ag féachaint ar an seó An Seachtapas anseo ar scoil
- Na Pionguin agus na Portáin ag freastal ar cheardlann 'Stair' anseo ar scoil

04/03/26

- Beidh R1 agus R2 ó Ghaelscoil Grainne Mhaol ag teacht ar chuairt do thrathnóna spraoi lenár R1 agus R2 agus bhéidir go mbeadh iontas nó dhó ar siúl an lá seo....feicimid!!

11/03/26

- Beidh R3/4 ag léiriú drámaíochta Learaí Loinseach do N1 & N2

12/03/26

- R3/4 ag léiriú drámaíochta Learaí Loinseach do R1 & R2
- Tráth na gCeist scoile

13/03/26

- R3/4 ag léiriú drámaíochta Learaí Loinseach do thuismitheoirí sa scoil
- Lá Glas & Céilí Taobh Amuigh do Chách (ag brath ar an aimsir!)...Sábháil an dáta!

Seachtain na Gaeilge is always the highlight of our year in Gaelscoil na Mara. The children have been very busy learning different dances and look forward to showing off their talents to the school community.

There will be plenty of exciting events during the two weeks so that every child will benefit from the celebrations!

03/03/26

- Na Crosóg Mhara, Smugairle Róin and Deilfeanna will be watching the show “An Seachtapas” here in the school.
- Na Pionguin and na Portáin will be attending ‘History’ the workshop here in the school.

04/03/26

- R1 & R2 from Gaelscoil Ghráinne Mhaol will be visiting for a fun afternoon with our Rang na Turtair and na hOchtapais pupils. There may even be one or two surprises on the day... we'll see!

11/03/26

- R3/4 will present the drama “Learaí Loinseach” for N1 and N2.

12/03/26

- R3/4 will present the drama “Learaí Loinseach” for R1 and R2.
Whole-school Table Quiz.

13/03/26

- R3/4 will present the drama “Learaí Loinseach” for parents in the school.
- Lá Glas & Outdoor Céilí for everyone (weather permitting!) — Save the date!

Lóna Scoile

Ba mhaith linn an deis seo a thapú sibh a chur ar an eolas faoi sholáthar reatha na Scéime Lón Scoile. Tríd is tríd, tá soláthar lóna fuara ag dul go han-mhaith, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach teaghlach atá ag glacadh páirte...as an rannpháirtíocht chomh dearfach sin leis an aip agus as cumarsáid oscailte a choinneáil leis an scoil. Táimid an-bhuíoch de na thuismitheoirí uile a thóg an t-am an tseachtain seo caite, aiseolas a thabhairt tríd an suirbhé scoile, maidir leis na chéad

chéimeanna eile. Pléifear an t-aiseolas seo go mion ag an gcéad chruinniú eile den Bhord Bainistíochta agus roinnfear le Glanmore Foods é freisin.

Mar sin féin, in ainneoin aiseolais agus pléití an Bhoird Bainistíochta, chuir Glanmore Foods in iúl dúinn le déanaí nach bhfuil soláthar cistine ar an láthair scoile indéanta ó thaobh airgeadais de faoi láthair, toisc nach bhfuil líon iomlán daltaí ag an scoil fós. Tá sé seo difriúil ón méid a comhaontaíodh ar dtús. Léirigh Glanmore ar dtús go soláthródh siad áiseanna cistine, rud a ligfeadh don scoil lónta te a éascú. Ina theannta sin, chuir Glanmore in iúl nach bhfuil an Rialtas ag soláthar béilí te réamhthéite a thuilleadh ar sheachadadh, rud a chiallaíonn nach bhfuil an rogha seo ar fáil dúinn a thuilleadh. Tá na nithe seo lasmuigh de smacht na scoile agus beidh gá le tuilleadh plé orthu ag leibhéal na Roinne. Mar atá cúrsaí faoi láthair, táimid i riocht inar féidir linn leanúint ar aghaidh le lónta fuara go dtí go mbeidh Glanmore Foods in ann áiseanna cistine a sholáthar.

Rogha eile a bheadh ann ná soláthraí lóin eile a lorg, atá sásta áiseanna cistine a thógáil. Leis an bpróiseas seo bheadh orainn bia a aimsiú agus a bhlaiseadh arís, an tseirbhís a chur amach ar thairiscint arís, agus an páipéarachais riachtanach a chomhlánú. Roimhe seo, thóg an próiseas seo thart ar thrí mhí orm go pearsanta taobh amuigh de uaireanta na scoile. Pléifidh an Bord Bainistíochta an bhfuil sé oiriúnach dul síos an bhóthair seo arís ag an am seo.

Tuigimid go hiomlán nach bhfuil seo sasúil agus nach léiríonn sé an méid a comhaontaíodh ar dtús. Faoi láthair, áfach, is é an soláthar reatha an t-aon rogha atá ar fáil don scoil, cé go bhféadfadh rudaí a athrú sa todhchaí. Coinneoidimid ar an eolas sibh de réir mar a théann cúrsaí ar aghaidh.

We would like to take this opportunity to update you on the current provision of the School Lunch Scheme. Overall, the provision of cold lunches is going very well, and we would like to thank all families who are participating...for engaging so positively with the app and for maintaining open and constructive communication with the school. We are very grateful to all parents who took the time last week to provide feedback through the recent school survey sent out on Aladdin, regarding next steps. This feedback will be discussed in detail at the next Board of Management meeting and will also be shared with Glanmore Foods for their consideration.

However in spite of feedback and Board of Management discussions, Glanmore Foods has informed us recently that the provision of an on-site kitchen is not financially viable for them at present, as the school does not yet have a full complement of students. This differs from what was originally agreed, as Glanmore had initially indicated that they would provide kitchen facilities, allowing the school to supply the necessary equipment to facilitate hot lunches. In addition, Glanmore has advised that the Government is no longer providing pre-heated hot meals on delivery, meaning that this interim option is no longer available to us. These matters are outside the school's control and will require further discussion at Department level. As things currently stand, we are in a position where we can continue with cold lunches until such time as Glanmore Foods is able to provide kitchen facilities.

An alternative option would be to seek another lunch provider, who is willing to build kitchen facilities sooner than Glanmore Foods. This process would involve sourcing and tasting food again, putting the service out to tender again, and completing the required documentation. Previously, this process took me personally approximately three months of extra admin outside of normal school and office hours. The Board of Management will discuss whether it is appropriate to pursue this route again at this time.

We fully understand that this situation is not ideal and that it does not reflect what was originally agreed. At present, however, the current provision is the only viable option available, though there may be scope for change in the future. We will continue to keep you informed as matters progress.

Cairde na Scoile

Mar is eol daoibh bhí cruinniú cinn bliana Cairde na Scoile sa scoil, ar an 20ú Eanáir. Rinneadh plé maith ar an gclár a bhí leagtha amach. Thug Sharon Uí Bhriain (Cathaoirleach CnaS) cur síos ar an ról atá ag Coiste na dTuistmitheoirí i saol na scoile agus ar na himeachtaí a bhíonn ar bun acu.

- **Is iontach a thuirisciú gur bhailíodh €10,490.88 don scoil tríd na himeachtaí tiomsaithe airgid éagsúla i mbliana.**
- **Bhí caiteachas le tuairisciú ag €2,033.46.**
- **Bhí infheistíocht déanta ag an scoil leis an t-airgead seo ar bhalla dreapadóireachta do thaobh amuigh, a chosnaigh €1000; Trealamh clóis agus spraoi d'amannta lóin, a chosnaigh €800; agus trealamh ranga mar chluichí, míreanna mearaí, figets agus ábhar tacaíochta, mar wobble boards, wobble cushions, trampailín srl a chosnaigh €500.**
- **D'íoc airgead Cairde na Scoile as an cúrsa Cycle Right do R3/4 i mbliana, rud atá mar phlean bliaintúil ag an scoil anois, a chosnaíonn €500.**
- **D'íoc airgead Cairde na Scoile as chuid don bhille ar na turasanna na Nollag chun an costas iomláin ar thuismitheoirí a choinneáil níos ísle.**

Ghabhann Múinteoir Orflaith agus an Coiste buíochas le tuistí agus pobal na scoile as an tacaíocht go léir i mbliana.

Chun coiste nua a chur le chéile moltar 8-10 baill (beirt ó gach rang ghrúpa más féidir). Tá an coiste beagnach lán, tá ionadaí R3/4 de dhith orainn ionas go mbeidh guth ar an gcoiste ó chuile rang grúpa. Má tá aon thuismitheoir ó R3/4 a bheadh spéis acu a bheith ar choiste Cairde na Scoile cuirigí bhur n-ainm i ríomhphost chuig cairdenascoile@gael scoilnamara.ie. Bheadh muid thar a bheith buíoch daoibh na hainmneacha a sheoladh ar aghaidh comh luath is a féidir. Is deis iontach é seo le bheith níos rannpháirtí inár bpobal scoile, le do chuid smaointe a chur le chéile, agus lámh cúnta a thabhairt chun ócaidí speisialta agus laethanta spraoiúla a eagrú i rith na bliana. Ár mbuíochas libh!

As you are aware Cairde na Scoile held their AGM on January 20th. There was great information shared and a comprehensive presentation given. Sharon Uí Bhriain (Chairperson of the outgoing CnaS), outlined the important role of the parents' committee and the work they carry out throughout the year.

- *It is great to report that €10,490.88 was raised for the school through the various fundraising events this year.*
- *Expenditure was reported as €2,033.46.*
- *The school has invested this money in an outdoor climbing wall, which cost €1000;*
- *Playground and play equipment for lunchtimes, which cost €800; and classroom equipment such as games, puzzles, figets and support material, such as wobble boards, wobble cushions, trampolines etc, which cost €500.*
- *Money from the Cairde na Scoile account paid for the Cycle Right course for R3/4 this year, which we hope to provide annually through the school, costing €500.*

- *Cairde na Scoile monies was used to pay for part of the bill for the Christmas trips to keep the total cost to parents lower.*

Múinteoir Orflaith and the Committee would like to thank the parents and the school community for all their support this year.

To form a new committee we recommend 8-10 members (two from each class group if possible). The committee is almost full, we just need a representative from R3/4 so that there is a voice on the committee from every class group. If there are any parents from R3/4 who would be interested in being on the Cairde na Scoile committee please email your name to

cairdenascoile@gaelscoilnamara.ie

We would be very grateful if you could send names forward as soon as possible. This is a great opportunity to be more involved in our school community, to put your ideas together, and to make a real difference to the special occasions and events throughout the school year. Thanks to all!

Imeachtaí Iar scoile

Leanfaidh na gníomhaíochtaí iarscoile ar aghaidh mar atá siad faoi láthair go dtí sos leath-théarma (an tseachtain seo chugainn!).

Tar éis an tsosa, tá sé i gceist againn leanúint ar aghaidh leis na clubanna ceoil, club Lego agus an club fichille go dtí sos na Cásca. Beidh sos á ghlacadh ag an gClub Puzail, ach ina áit sin réachtálfaidh Andrea club ealaíne. Beidh íocaíocht eile le híoc dos na clubanna ar fad, rachaidh rphost abhaile maidir leis na táillí go luath.

Seolfar gach eolas ábhartha abhaile sna fillteáin obair bhaile go luath. Mar is gnách, iarraimid ar thuismitheoirí a gcuid comhfhreagrais a chur chuig an mball foirne chuig agus iad ag clárú do chlubanna. Iarraimid go seolfar ríomhphost díreach chuig an duine atá i gceannas ar an gclub ábhartha. Uaireanta is féidir teachtaireachtaí ar Aladdin nó chuig ríomhphost na hoifige a chailleadh, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar chlárú ainmneacha.

After-school activities will continue as they currently are until mid-term (next week!).

After the break, we intend to continue with Music lessons, Lego Club and Chess Club until the Easter holidays. Puzzle Club will take a break; however, Andrea will run an Art Club in its place.

All relevant information will be sent home in homework folders in due course. As always, we kindly ask that all correspondence regarding bookings is directed to the appropriate staff member. Please email the person in charge of the club directly, as messages sent via Aladdin or the office email may be missed, which can result in names not being registered in time.

Club Lego: jessie@gaelscoilnamara.ie

Club Fichille: sinead@gaelscoilnamara.ie

Ceachtanna Feadóige: maille@gaelscoilnamara.ie

Ceachtanna Fidile: nicole@gaelscoilnamara.ie

Club Ealaíone: andrea@gaelscoilnamara.ie

Dúnadh scoile – Upcoming school closures

Meabhrúchán go mbeidh an scoil dúnta ar na dátaí thíos:

A reminder that school will be **closed** on the following dates:

Sos lár-théarma:

(Mid-Term Break)

16-20 Feabhra 2026

Lá Dúnadh don traenáil Curaclaim:

(Exceptional Closure Day for Staff Training)

Luan 09 Márta 2026

Laethanta Saoire na Cásca:

(Half day for start of Easter break)

11:50rn Aoine 27 Márta 2026

**Le meas agus buíochas,
Orflaith.**